**Agus muid ag comhlíonadh ár n-aidhmeanna mar atá liostáilte san aguisín thíos, is mian linne, Chomharchumann Shailearna Teo. an aighneacht seo a chur faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus an Plean Nua Contae 2022 – 2028 á ullmhú.**

## Achoimre na hAighneachta

Fáiltíonn Comharchumann Shailearna Teo., roimh an deis aighneacht a chur chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe ar mhaithe leis na nithe seo a leanas atá chun leasa cheantar an Chomharchumainn a chur in bhur láthair agus plean nua an Chontae á ullmhú agaibh.

**Seo na príomh phointí atá in ár n-aighneacht:-**

1. Cead pleanála a bheith ar fáil gan mórán deacrachta do dhaoine/teaghlaigh de bhunú na Gaeltachta agus do dhaoine atá fostaithe sa gceantar

2. Leigheas a bheith faighte sa bPlean Nua Contae ar na dúshláin a bhaineann le tógáil tithe i gceantar Chonamara

3. Zónáil talún le a bheith in úsáid do thithíocht inacmhainne sa Spidéal agus i mbailte eile i gceantar feidhme an Chomharchumainn.

4. Córais séarachais a phleanáil do na ceantair ón Spidéal siar a bheidh in ann freastal ar riachtanais tithíochta agus forbartha cheantar an Chomharchumann.

**Iarrann an Comharchumann tacaíocht na gcomhairleoirí tofa, na bhfeidhmeannach agus na Roinne Comhshaoil le go mbeidh ar chumas na Comhairle Contae a bhfuil iarrtha againn san aighneacht seo a chur i gcrích taobh istigh de Phlean Nua an Chontae 2022 – 2028**

***Aguisín 1-Aidhmeanna an Chumainn**

# Aighneacht 1

**Seo a leanas bunús na haighneachta seo:**

**1. Cead pleanála a bheith ar fáil do dhaoine/teaghlaigh óga de bhunú na Gaeltachta agus do dhaoine atá fostaithe go lánaimseartha sa gceantar:**

Tá iarrtha ag scairshealbhóirí an Chomharchumainn sa gceantar ón Spidéal siar go Casla, go bhfuil fíor riachtanas le cead pleanála a bheith ar fáil do dhaoine atá ina gcónaí sa gceantar nó gur de bhunú an cheantair nó na Gaeltachta iad nó atá fostaithe go lán aimseartha ann. D'fhéadfadh an cead sin a bheith ar fáil dóibh ar ghabháltas a muintire nó ar thalamh a cheannaíonn siad san áit más daoine iad nach bhfuil gabháltas le suíomh oiriúnach air ag a muintir.

Tá muid á iarraidh seo le go mbeidh ár bpobal in ann cur fúthu sa gceantar a bhfuil a muintir tar éis a saol a chaitheamh ann nó gur ann a rugadh agus tógadh iad. Tá sé seo rí-thábhachtach más leis an nGaeltacht seo maireachtáil agus an teanga a bheith á seachadadh ó ghlúin go glúin inti.

Is cuid lárnach d'oidhreacht na hÉireann an Ghaeilge, a cultúr agus a litríocht. Tá áit faoi leith ag an nGaeilge i mbunreacht na tíre agus tá rialtais éagsúla ó bunaíodh an stát a bhfuil caomhnú agus leathnú na Gaeltachta ar a n-aire acu. Mar sin, tá sé riachtanach go mbeadh aon phlean a d'fhoilseodh Comhairle Chontae na Gaillimhe ag cinntiú go mbeidh pobal na Gaeltachta (gan aon laincisí á chur orthu) in ann an teanga Ghaeilge a chleachtadh mar ghnáth urlabhartha pobail agus freisin í a sheachadadh ó ghlúin go glúin. Tá an t-iarratas atá á dhéanamh againne mar Chomharchumann, fíor lárnach leis an gcuspóir sin a chur i gcrích.

**Deacrachtaí agus constaicí a bhaineann le tógáil tithe i gceantar Chonamara**

- Deacrachtaí suíomhanna feiliúnacha a aimsiú.
- Tá cuid mhór de Chonamara ina cheantar caomhnaithe rud a bhfuil tionchar mór aige ar phleanáil. Bíonn deacrachtaí le síolthú ó thaobh na gcórais séarachais.
- Bíonn gá le tuarascálacha éagsúla, mar,shampla, measúnaithe heidreolaíocha agus ráitis NIS, rud a chuireann costais ollmhóra ar dhaoine óga agus uaireanta tar éis dóibh dul i gcostas mór ní éiríonn leo an cead pleanála a fháil. Tá céatchodán na n-iarratas atá dá ndiúltú i gConamara i bhfad níos airde ná mar atá sa gcuid eile den chontae.

**(2) Bancanna Talún atá i seilbh an údaráis áitiúil (Comhairle Contae na Gaillimhe) agus Údarás na Gaeltachta agus a bheadh feiliúnach do thithíocht a chur ar fáil d'fhorbairt Scéimeanna Tithíochta Inacmhainne do dhaoine óga/teaghlaigh óga de bhunú na Gaeltachta agus do dhaoine atá fostaithe go lán aimseartha sa gceantar.**

Tá Comharchumann Shailearna Teo. ag beartú oibreacha a dhéanamh sa bpobal a chuideoidh le inmharanthacht an phobail agus le sárú na ndúshlán atá acu siúd a bhfuil riachtanais tithíochta acu sa gceantar. Áirítear anseo tithíocht inacmhainne, títhe le ceannacht ar luach réasúnach do phobal óg an cheantair. Iarrann Comharchumann Shailearna go mbeadh sé mar chuspóir i bplean an chontae 2022 – 2028 go bhféadfadh eagraíocht phobail mar an Comharchumann tacaíocht na Comhairle Contae a fháil le forbairtí tithíochta a dhéanamh le freastal ar riachtanais tithíochta an phobail.

Tá gá le cur chuige nua uaillmhianach agus tionscnamhach le bheith in ann ár bpobal a spreagadh agus tacú leis le bheith in ann oidhreacht luachmhar de chuid na tíre seo a chaomhnú, a leathnú agus a sheachadadh ó ghlúin go glúin. Tá sé aitheanta ag Údarás na Gaeltachta go bhfuil riachtanais tithíochta i gceantar Chois Fharraige agus tá muide mar chomharchumann pobail atá páirt mhaoinithe ag Údarás na Gaeltachta sásta tabhairt faoi na dushláin seo i gcomhar leis na húdaráis san áit. Is tosaíocht náisiúnta an tithíocht ag an rialtas faoi láthair.

Meabhraíonn muid mar Chomharchumann pobail go bhfuil comhoibriú den scoth idir muid féin, na comhairleoirí, agus na feidhmeannaigh sa gComhairle Contae chomh maith le feidhmeannaigh agus Bord Údarás na Gaeltachta ar an ábhar seo. Níl uainn ach go neartófar an éabhlóidiú cleachtais atá cruthaithe eadrainn trí Phlean Nua Chomhairle Contae na Gaillimhe 2022 -2028 atá á ullmhú faoi láthair.

Tá socraithe ag Comharchumann Shailearna an oiread talúna agus is féidir a bheadh feiliúnach don obair seo a fháil ina cheantar feidhme agus sna ceantair mórthimpeall Chonamara trí chomhoibriú leis na pobail éagsúla agus leis na húdaráis san áit. Is é aidhm an Comharchumainn oibriú i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus le hÚdarás na Gaeltachta leis an fhorbairt thábhachtach seo a chur i gcrích sna blianta beaga amach romhainn,

Mar chéad chéim den fhorbairt títhíochta inacmhainne ba mhaith linn go gcuirfeadh Comhairle Contae na Gaillimhe agus Údarás na Gaeltachta liosta d'aon mhaoin atá ina seilbh agus a bheadh oiriúnach do thograí tithíochta inacmhainne ar fáil don Chomharchumann chun na críche seo. Ba mhór againn freisin go dtabharfadh an Chomhairle faoi thógáil tithe sóisialta do dhaoine sa gceantar.

**(3) Zónáil talún in abhantrach an Spidéil le bheith in úsáid do Scéim Tithíochta Inacmhainne.** Bheadh seo mar thús ar réiteach a fháil ar an ngéarchéim tithíochta i gceantar Chonamara Theas. Tá Údarás na Gaeltachta tar éis cinneadh a dhéanamh seacht n-acra talún a dhíol le Comharchumann Shailearna in abhantrach an Spidéil le cur ar a chumas tithe a thógáil do lánúnacha óga ar phraghas réasúnach.

Dá bhrí sin iarrann an Comharchumann

(a) teorainn dhréacht phlean forbartha a Spidéil a athrú le go mbeadh an talamh seo áirithe taobh istigh den phlean. Bhí an talamh i gceist taobh istigh de theorainn phlean forbartha an Spidéil roinnt bhlianta ó shin.

(b) go ndéanfaí an talamh seo a zónáil mar thalamh do thithe cónaithe. Is do thithíocht inacmhainne a bheifí ag úsáid na talúna seo agus níor mhiste le CST go mbeadh an coinníoll sin curtha leis na zónáil.

(c) Beidh coinníoll teanga i bhfeidhm don tithaíocht atá beartaithe ag an gComharchumann mar atá sa gcuid eile de phlean forbartha an Spidéil.

Bheadh sé i gceist uisce agus séarachas riachtanach don chineál sin forbartha a chur ar fáil ar an talamh sin trí chead ceangal leis an gcóras nua atá ceadaithe don Spidéal.

*** Aguisín 2A & 2B-Proposed addition to residential (Phase 1) Léaráid den phíosa talún dá shoiléiriú**

*** Aguisín C- Existing zoning for site.**

**(4) Córas séarachais don cheantar a bheidh in ann freastal ar riachtanais an phobail;** Cuireann easpa líonra bailiúcháin agus cóirithe fúiolluisce i gCois Fharraige isteach go mór ar thógáil tithíochta, áiseanna pobail agus ar fhorbairtí gnó. Iarrann an Comharchumann go mbeadh sé mar chuspóir sa bplean forbartha 2022-2028 córais áitiúla séarachais a chur ar fáil le freastal ar riachtanais an phobail áitiúil, mar shampla, córas tógtha talamh báite(constructed wetlands) a sholáthar do chlocháin tithíochta in áiteanna éagsúla faoin tuaith.

Bealach eile le réiteach a fháil ar fhadhbanna fuíolluisce agus séarachais an cheantair is ea comhráití a thosaí idir an Chomhairle Contae agus Údarás na Gaeltachta agus mar thús, a fháil amach céard a bheadh ag teastáil ó Údarás na Gaeltachta le go bhféadfaí na córais fúiolluisce atá ar roinnt eastáit tionscail dá chuid a úsáid chun críche scéimeanna áitiúla séarachais.

Is gá go mbeadh an córas séarachais atá ceadaithe do cheantar an Spidéil ag clúdú na forbartha ar thithe inacmhainne atá beartaithe ag Comharchumann Shailearna do cheantar an Spidéil. Bheadh sé áisiúil dá gcuirfí síneadh leis le freastal ar an scéim tithíochta inacmhainne. Sa gcás nach ndéantar é sin tá sé tábhachtach go dtabharfar cead don Chomharchumann ceangal leis an gcóras nua sin.

**Sínithe Thar Ceann Comharchumann Shailearna Teo:**

Peigí Uí Chéidigh – Bainisteoir Dáta: 22-07-2021